An Roinn Oideachais
Department of Education

# Cigireacht Theagmhasach

## Nóta ar bhearta scoile chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

| | |
|---|---|
| Ainm na scoile | Coláiste Raithín |
| Seoladh na scoile | Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Bré<br>Co Chill Mhantáin |
| Uimhir rolla | 70821M |
| Dáta na cigireachta | 12-10-2021 |

## 1. Réamheolas

Le linn na cigireachta teagmhasaí a rinneadh sa scoil seo, rinne an cigire meastóireacht ar obair na scoile maidir le gnéithe de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* (2013) a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, rinne an cigire plé leis an bpríomhoide ar thosaíochtaí na scoile chun cultúr dearfach scoile a chruthú.

Sainmhínítear bulaíocht mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine eile), agus a dhéantar arís agus arís eile le himeacht ama. Bunchloch i gcosc na bulaíochta é cultúr scoile dearfach agus atmaisféar lena gcuirtear fáilte roimh an difríocht agus roimh an éagsúlacht, agus atá bunaithe ar uileghabhálacht agus ar mheas.

Is é aidhm an nóta seo ná tacú leis an scoil cultúr dearfach scoile a chruthú agus a chothú agus bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

## 2. Tosaíochtaí na scoile maidir le cultúr agus timpeallacht dhearfach scoile a chruthú

Thuairiscigh an príomhoide gurb iad seo a leanas tosaíochtaí na scoile maidir le cultúr dearfach scoile a chruthú d'fhonn an bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi:

- Tá roinnt mhaith clár curtha ar bun sa scoil chun bulaíocht a chosc. Áirítear i measc na gclár seo: FUSE, clár de chuid Ollscoil Bhaile Átha Cliath a bhfuil beirt mhúinteoir ón scoil cláraithe leis chun an oiliúint a dhéanamh d'fhonn sraith naoi gceardlanna a thabhairt do scoláirí bliain 1 agus bliain 2 agus an clár Jigsaw
- Tá oiliúint curtha ar scoláirí na hIdirbhliana chun meantóireacht a dhéanamh ar scoláirí bliain 1 agus tá geall leis gach scoláirí san Idirbhliain páirteach sa mheantóireacht agus tá dea-thoradh ar an tionscnamh seo maidir le fáilte a chur roimh scoláirí na céadbhliana sa scoil
- Eagraítear seachtain folláine ina bhfuil béim ar chúrsaí aclaíochta agus cúrsaí folláine i gcoitinne
- Baineann scoláirí agus múinteoirí araon úsáid as ainmneacha baiste a chéile agus cothaíonn an cleachtas seo atmaisféar cairdiúil agus measúil sa scoil
- Glactar go dáiríre le cásanna bulaíochta agus téitear i ngleic leo dá réir.

I rith na cigireachta teagmhasaí, nótáladh na dea-chleachtais seo a leanas maidir leis an mbulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi:

- Mar chuid den phróiséas folláine agus den chlár corpoideachais, tógtar scoláirí uile na scoile ag snámh sa bhfarraige uair sa tseachtain, i mí Bealtaine agus Meán Fómhair, tuairiscíodh go bhfuil deathionchar ag an snámh san fharraige ar mheon agus ar iompar na scoláirí i gcoitinne
- Nuair is ceadmhach sin a dhéanamh, eagraíonn na scoláirí féin ceolchoirmeacha ag am lóin ar an Aoine. Tugann sé seo deis do scoláirí a bhfuil bua an cheoil acu thar aon ní eile a bheith rannpháirteach le scoláirí eile a bhfuil na spéiseanna céanna acu

## 3. Cur i bhfeidhm na scoile ar ghnéithe de na Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (2013)

1. Tá beartas frithbhulaíochta ag an scoil atá faofa ag an mBord Bainistíochta agus úsáidtear an teimpléad a chuirtear ar fáil sna *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (2013).*

2. Ní dhéanann an scoil teagmhais d'iompar bulaíochta a thaifeadadh ag baint úsáid as an bhfoirm a chuirtear ar fáil sna *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (2013)*.

3. Taispeánann miontuairiscí an Bhoird Bainistíochta go dtugann an príomhoide tuairisc don bhord uair amháin ar a laghad i ngach téarma scoile, áit a ndéantar cur síos ar líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide agus deimhniú gur déileáladh le gach cás, nó go bhfuiltear ag déileáil leo, de réir bheartas frithbhulaíochta na scoile agus de réir na n*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013).*

4. Foilsíodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar shuíomh gréasáin na scoile nó, mura bhfuil a leithéid ann, is féidir le baill an bhoird bainistíochta, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí / scoláirí teacht air go héasca ar shlí eile.

5. Tá athbhreithniú bliantúil déanta ag Bord Bainistíochta na scoile ar bheartas frithbhulaíochta na scoile de réir an tseicliosta a chuirtear ar fáil sna *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (2013)* agus tá sé sínithe agus tá dáta curtha leis.

D'fhonn riachtanas na seiceálacha thuasluaite a chomhlíonadh, ní mór don scoil an gníomh (na gníomhartha) seo a leanas a dhéanamh

- Teagmhais d'iompar bulaíochta a thaifeadadh ag baint úsáid as an bhfoirm a chuirtear ar fáil sna *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (2013)*.